

Heipitíteas B: Bileog Eolais d'Othair

Cad é an rud Heipitíteas B?

Ciallaíonn Heipitíteas athlasadh ae. Tá víris éagsúla ann atá mar chúis le Heipitíteas, agus is ceann díobh sin Heipitíteas B.

Cad iad airíonna Heipitítis B?

Ní bhíonn airíonna ar bith ar go leor daoine le Géarheipitíteas B, ach má bhíonn siad ann, beidh airíonna le brath idir sé seachtaine agus sé mhí i ndiaidh a bheith ionfhabhtaithe. Tugann roinnt daoine fásta tinneas gearr cosúil leis an fhliú faoi deara agus seans nach ndéanfar é a dhiagnóisiú mar Heipitíteas B. Féadtar airíonna níos tromchúisí mar urlacan, pian sa bholg agus buíochán a bheith ann agus más amhlaidh atá, beidh cóireáil dochtúra de dhíth. Go hannamh, bíonn géarionfhabhtú mar chúis le tinneas thar a bheith tromchúiseach agus is féidir bás a fháil dá bharr.

Géarheipitíteas B agus Heipitíteas B Ainsealach

Is féidir le Heipitíteas B a bheith mar chúis le géarthinneas nó le tinneas ainsealach.

Tagann duine as géarthinneas sách tapa, i ndiaidh roinnt seachtainí de ghnáth, nó cúpla mí ar a mhéad.

Is iondúil go gcuireann an chuid is mó de dhaoine fásta Géarheipitíteas B díobh go hiomlán, laistigh de shé seachtaine de ghnáth.

Is éard atá in Heipitíteas B Ainsealach Heipitíteas B a mhaireann níos faide ná sé mhí. Bíonn roinnt daoine le Heipitíteas B ainsealach fós folláin ach gheobhaidh thart ar an cheathrú cuid díobh galar ae fadtéarmach. Bíonn an chuid is mó de na daoine seo ionfhabhtáíoch agus ní mór dóibh réamhchúram a dhéanamh gan an víreas a chur ar aghaidh chuig daoine eile (féach thíos).

Conas a fhaightear Heipitíteas B?

Sa tír seo, san Eoraip agus i Meiriceá Thuaidh, is trí ghnéas neamhchosanta, de ghnáth, a scaiptear Heipitíteas B ó dhuine go duine. Ar fud an domhain, is trí fhuil ionfhabhtaithe a fhaigheann an chuid is mó de dhaoine Heipitíteas B, go háirithe sa chás go mbeirtear leanaí do mháithreacha ionfhabhtaithe agus mura dtugtar vacsaín do na leanaí díreach i ndiaidh a mbreithe.

Gnéas

Is féidir Heipitíteas B a chur ar aghaidh le linn gnéis neamhchosanta le duine ionfhabhtaithe. Má tá tú buartha faoi ghalar gnéas-tarchurtha is féidir leat comhairle faoi rún a fháil ó na clinicí Leighis Úraiginíúil (GUM)/sláinte ghnéis atá liostaithe ag bun na bileoige seo.

Fuil

Is féidir le braon beag bídeach fola ó dhuine a bhfuil an víreas orthu an t-ionfhabhtú a chur ar aghaidh chuig duine éigin eile, má théann sé isteach i sruth fola an duine sin. Is féidir leis sin tarlú:

- trí theagmháil le créacht oscailte, le gearradh nó le screabhadh;

- trí shnáthaid éillithe nó uirlís ghéar eile. Tá daoine a bhíonn ag instealladh drugaí agus ag roinnt trealamh insteallta i mbaol mór. Tá baol ag baint le tatuáil, polladh agus snáthaidpholladh mura n-úsáidtear trealamh steirilithe.
- trí chóireáil liachta agus déidliachta i dtíortha nach ndéanann trealamh a steiriliú i gceart;
- déantar an fhuil ar fad a dheonaítear sa Ríocht Aontaithe a scagadh do Heipitéas B, ach roimhe sin d'fhéadfadh duine a bheith ionfhabhtaithe trí fhuil nó táirgí fola a fháil ó dhuine ionfhabhtaithe. Is féidir fuilaidriú a bheith mar chúis le hionfhabhtú fós i dtíortha nach ndéantar scagadh fola iontu.

Ó mháthair go leanbh

Is féidir le máithreacha ionfhabhtaithe an víreas a chur ar aghaidh chuig a leanaí thart ar an am a bheirtear iad, ach má thugtar vacsaín do na leanaí sin nuair a bheirtear iad, seachnaítear ionfhabhtú den chuid is mó.

Conas is féidir liom daoine eile a chosaint má bhíonn Heipitéas B orm?

- Ná húsáid scuab fiacla, rásúr, siosúr ná earraí pearsanta aon duine eile agus ná lig dóibh do chuidse a úsáid.
- Má bhíonn caidreamh collaí agat, inis do do pháirtí/pháirtithe a bheith cinnte vacsaín a fháil agus bíodh gnéas sábháilte agat trí choiscín a úsáid.
- Glan aon ghearradh, scrabhadh nó créacht oscailte go cúramach agus clúdaigh le greimlín uiscédhíonach é.
- Glan fuil ó urláir agus dromchlaí oibre le tuar tí neamhchaolaithe.
- Ná tabhair fuil ná seamhan go deonach agus ná cláraigh i do dheontóir orgáin.

Cóireáil

Ní bhíonn cóireáil de dhith ar an chuid is mó de dhaoine a bhfuil Géarheipitéas B orthu de bharr nach ndéantar dochar fadtéarmach don ae. Féadann siad a bheith níos tuirsí ná de ghnáth agus scíth de dhíth orthu. Ba chóir tástáil fola a dhéanamh sé mhí i ndiaidh a ndiagnóisithe lena chinntiú go bhfuil an víreas glanta. Go dtí go ndéantar an tástáil sin, ba chóir duit an chomhairle a leanúint maidir le daoine eile a chosaint ó ionfhabhtú.

Ba chóir do speisialtóir ar ghalair ae seiceáil rialta a dhéanamh ar dhaoine a bhfuil Heipitéas B ainsealach orthu lena fháil amach an bhfuil dochar á dhéanamh don ae. Is féidirí go mbeidh drugaí frithvíreasacha ina chuidiú acu.

Teaghlach agus cairde

Ba chóir vacsaín a thabhairt do pháirtithe gnéis, do leanaí agus do dhaoine eile a chónaíonn le duine a bhfuil Géarheipitéas B nó Heipitéas B ainsealach orthu. Ba chóir fosta vacsaín a thabhairt d'aon duine a roinn snáthaidí. Seans go bhfuil tástáil de dhíth orthu fosta lena fháil amach an bhfuil Heipitéas B orthu cheana féin. Is féidir comhairle a fháil ó do dhochtúir teaghlach maidir leis na dlúththeagmhálacha sin a chosaint.

Níl aon bhaol ionfhabhtaithe ó ghnáth-theagmháil shóisialta, mar sin ní gá do chuirteoirí, do chairde ná do chomhghleacaithe oibre vacsaín a fháil. Mar shampla, ní féidir Heipitíteas B a fháil ó lámh a chroitheadh le duine ionfhabhtaithe ná barróg a thabhairt dóibh, ná ó shuíochán leithris. I gcás soithí agus sceanra a d'úsáid duine le Heipitíteas B is féidir iad a ní in uisce te le leacht níocháin nó i miasniteoir ar an ghnáthbhealach. Ba chóir aon fhuil a ghlanadh láithreach mar a mhínítear thuas.

Vacsaín do Heipitíteas B

Tugtar an vacsaín i dtrí chuid éagsúla le hinstealladh. Uaireanta bíonn teanndáileog bhreise de dhíth. Tá sé tábhachtach an cúrsa a chríochnú. Is féidir tástáil fola a dhéanamh ag an am céanna.

Eolas agus tacaíocht

Má tá aon cheist agat, is féidir leat labhairt le do dhochtúir teaghlaigh nó le d'altra.

Cuireann clinicí Sláinte Ghnéis/Leighis Úraiginitíúil (GUM) comhairle faoi rún ar fáil. Glaoigh ar:

Ospidéal Victoria Ríoga, Béal Feirste
028 9063 4050

Ospidéal an Chlocháin, Cúil Raithin
028 7034 6028

**Plás John Mitchell, an tIúr agus
Ionad Sláinte agus Cúraim Phort an Dúnáin**
028 3083 4215

Ospidéal Allt Mhic Dhuibhleacháin, Doire
028 7161 1269

Ospidéal Downe, Dún Pádraig
028 4483 8133

Cuireann Líonra Cliniciúil Bainistithe Thuaisceart Éireann maidir le Heipitíteas B agus C eolas ar Heipitíteas B agus C ar fáil www.hepbandcni.net

Tugann Grúpa Tacaíochta Ae Ospidéal Victoria Ríoga tacaíocht ar fáil do dhaoine i dTuaisceart Éireann a bhfuil galar ae orthu agus is grúpa neamhspleách é atá cleamhnaithe le British Liver Trust.
www.rvhaesupportgroup.org

Cuireann British Liver Trust eolas ar fáil faoi gach cineál galair ae.
Líne Chabhrach: 014 2548 1320 (9.00am–5.00pm, Luan-Aoine)
www.britishaetrust.org.uk



An Ghníomhaireacht Sláinte Poiblí
4^ú Urlár
12–22 Sráid Halla an Línéadaigh
Béal Feirste BT2 8BS.
Teil: 0300 555 0114
www.publichealth.hscni.net

02/14